



Preasráiteas

Lucsamburg, 1 Meán Fómhair 2022

Molann na hiniúcháirí athléimneacht institiúidí AE i rith na paindéime

Is í an chonclúid a bhí i dtuarascáil a d'fhoilsigh Cúirt Iniúcháirí na hEorpa inniu ná gur léirigh institiúidí AE athléimneacht shuntasach in aghaidh phaindéim COVID-19. Thug Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún Eorpach agus Cúirt Bhreithiúnais AE aghaidh ar an bpaindéim go tapa agus go solúbtha, agus bhain siad tairbhe as infheistíochtaí a bhí déanta acu roimhe sin sa digiteáil. Mar sin féin, tá dúshlán roimh institiúidí AE maidir leis an tairbhe is mó a bhaint as an nuálaíocht agus an tsolúbthacht atá ann mar thoradh ar an ngéarchéim i ndomhan iar-COVID.

Ag deireadh mhí Eanáir 2020, taifeadadh go hoifigiúil an chéad chás de COVID-19 san Eoraip. Faoi cheann roinnt seachtainí, scaip an galar ar fud an Aontais. Nuair a bhíodas ag áitiú ar dhaoine fanacht sa bhaile agus teilea-obair a dhéanamh, bhí ar chuideachtaí agus institiúidí bealaí a aimsiú chun leanúnachas gnó a áirithiú. Bhí ar institiúidí an Aontais dul i ngleic le géarchéimeanna sláinte agus sábháilteachta cheana féin le déanaí: ráig Ebola (2014) do thoscaireachtaí AE, agus ionsaithe sceimhlitheoireachta sa Bhruiséil (2016) agus in Strasbourg (2018). Mar sin féin, bhí scála agus fad ghéarchéim COVID-19 gan fasach. Chun measúnú a dhéanamh ar athléimneacht institiúidí AE in aghaidh na géarchéime, bhreathnaigh iniúcháirí AE ar leibhéal ullmhachta na n-institiúidí agus rinne siad measúnú ar an gcaoi a ndeachaigh siad i ngleic le paindéim COVID-19 agus ar na ceachtanna a d'fhoghlaim siad mar thoradh uirthi.

‘Níl institiúidí AE slán ar ghéarchéim COVID-19. Bhí éifeacht shuntasach agus fhorleathan ag an ngéarchéim ar an gcaoi a bhfeidhmíonn na hinstiúidí, agus ar an gcaoi a n-oibríonn na daoine dá bhfoireann’, a dúirt Marek Opioła, an comhalta den Chúirt a bhí freagrach as an iniúchadh. “Is éard is eagraíochtaí athléimneacha ann ná eagraíochtaí ar féidir leo foghlaim ó ghéarchéim agus a bheith níos láidre ina diaidh. Is é ár dtuairim go bhfuil comhlachtaí AE tar éis cruthúnas a thabhairt ar a n-athléimneacht le dhá bhliain anuas le linn na géarchéime.”

Faoin dara leath de mhí Feabhra 2020, thosaigh ceithre cinn de na hinstiúidí faoi iniúcháireacht ar a bpleananna leanúnachais gnó a ghníomhachtú. Bhí na pleananna sin mar bhonn láidir dá bhfreagairt ar an ngéarchéim, dar leis na hiniúcháirí, cé nár dearadh iad chun déileáil leis an gcineál cur isteach fadtéarmach a bhí ann mar thoradh ar COVID-19. Bhí ar institiúidí AE dul in oiriúint mar sin agus a bpleananna a chomhlánú le cinn *ad hoc*. Fuair na hiniúcháirí amach go

Is é is cuspóir don phreasráiteas seo ná príomhtheachtaireachtaí na tuarascála speisialta ó Chúirt Iniúcháirí na hEorpa a chur in iúl. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg

E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

ndearna siad an méid sin go rathúil, in ainneoin an comhordú a bheith teoranta mar gheall ar neamhspleáchas na n-institiúidí agus a ról éagsúla, agus mar gheall go raibh éagsúlachtaí ann idir na rialacha a bhí i bhfeidhm sna Ballstáit óstacha.

Níor chuir an éagsúlacht sin sna cuir chuige bac ar na hinstitiúidí an cur isteach a íoslaghdú agus leanúint dá ról a chomhlíonadh. Coimeádadh gníomhaíochtaí ar leibhéal cosúil leis an leibhéal a bhí ann i mblianta roimhe sin. D'éirigh leis na hinstitiúidí tionscnaimh beartais thábhachtacha a ghlacadh – amhail an plean téarnaimh €750 billiún ar a dtugtar 'NextGenerationEU' agus buiséad seacht mbliana AE do 2021-2027. Baineadh an méid sin ar fad amach agus sláinte agus dea-bhail na ndaoine den fhoireann á gcosaint, mar a thugann na hiniúcháirí chun suntais. In ainneoin leibhéil éagsúla ullmhachta, d'éirigh le gach ceann de na hinstitiúidí faoi iniúcháireacht réitigh theileaoibre a thabhairt dá bhfoireann go léir laistigh de shé seachtaine. Chuir an phaindéim dlús le cur in úsáid uirlisí cumarsáide agus comhair, chomh maith le sreabha oibre gan pháipéar. Fós féin, tá digiteáil na bpróiseas riaracháin fós idir lámha, go háirithe i gcás ríomhshonraisc.

A luaithe is a bhí deireadh curtha leis na srianta a bhí ann i rith earrach 2020, thosaigh institiúidí AE ag féachaint ar cad iad na ceachtanna a d'fhéadfaí a fhoghlaim óna bhfreagairt ar ghéarchéim COVID-19 agus thosaigh siad ag sainaitheint nuálaíochtaí a d'fhéadfaí a choimeád sa domhan iarghéarchéime. Mar shampla, d'fhéadfaí, le leathnú amach ar bhealaí oibre cianda, coigiltí suntasacha a dhéanamh, go háirithe maidir le caiteachas taistil agus b'fhéidir maidir le costais oifigí agus foirgnimh. Leis na hathruithe ar shocruithe taistil agus foirgnimh, chomh maith leis an teileaoibair a leathnú, cuirtear deiseanna ar fáil freisin do na hinstitiúidí faoi iniúcháireacht maidir lena dtionchar ar an gcomhshaol. Níl na deiseanna sin sainaitheanta go soiléir go dtí seo, áfach, dar leis na hiniúcháirí.

Faisnéis chúlra

Clúdaíonn an t-iniúchadh ceithre institiúid Eorpacha: Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún Eorpach agus Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Is cuid de shraith oibre iniúcháireachta atá déanta ag Cúirt Iniúcháirí na hEorpa í an tuarascáil seo ar COVID-19. Tugann sí an chéad mheasúnú ar thionchar na géarchéime maidir le feidhmiú institiúidí AE.

Tá Tuarascáil speisialta 18/2022: *"Institiúidí an Aontais agus COVID-19 – Freagairt thapa déanta, ach tá dúshlán fós le sárú chun an nuálaíocht agus an tsolúbthacht atá faoi stiúir ghéarchéime a fheabhsú"*, ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte (eca.europa.eu).

Teagmháil phreasa

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu - Fón póca: (+352) 691 553 547